Tionscadal Soláthar Uisce

Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre

An Rogha Scéime i gcomhair Soláthar Uisce Nua do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre

Nuachtlitir Chomhairliúcháin Uimh. 4

SAMHAIN 2016

Tá Uisce Éireann ag seoladh an cheathrú comhairliúchán poiblí ar an Rogha Scéime i gcomhair Soláthar Uisce Nua do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Beidh sé ar an gcéad uasghrádú cuimsitheach ar infreastruchtúr 'foinse nua' le breis is 60 bliain agus freastalóidh ar na riachtanais tí agus tráchtála a bheidh ag níos mó ná 40% de dhaonra na hÉireann sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

San áireamh i sainchúram Uisce Éireann tá seachadadh Soláthair Uisce atá inbhuanaithe agus athléimneach ar bhonn náisiúnta. Leis an sainchúram sin a chomhlíonadh, áfach, ní mór teacht ar fhoinse nua uisce do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Ní bheidh fáil ar na 330 milliún lítear breise a bheidh ag teastáil in aghaidh an lae sa réigiún seo faoin mbliain 2050 mura ndéantar ach na sceití a dheisiú, cé go mbíonn sé sin tábhachtach ann féin.

Le sainaithint a dhéanamh ar Fhoinse Nua do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre, tá an-chuid taighde, measúnachtaí timpeallachta agus teicniúla ar roghanna éagsúla agus trí chomhairliúchán pobail déanta ag Uisce Éireann le roinnt blianta anuas.

Abhantrach an Pháirtín - le caoinchead ó BSL

Céard atá ag tarlú anois?

Tá Céim a Ceathair den phróiseas comhairliúcháin sin faoi lánseol anois agus tá an Tuarascáil Breithmheasa ar Roghanna Deiridh (TBRD) agus an Tuarascáil Scóipe ar an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) Tá deimhnithe sa TBRD gurb é seo a leanas an Rogha Scéime:

- Astarraingt uisce ó Íochtair na Sionainne ag Abhantrach an Pháirtín
- Cóireáil uisce ag Cnocán an Éin Fhinn, atá gar don áit
- Tabhairt an uisce trí phíopa chuig taiscumar pointe deiridh i Mullach na Pise, Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Beidh fáil ag pobail atá lonnaithe le taobh an bhealaigh sa Lár Tíre ar uisce cóireáilte freisin.

Tá curtha faoi chaibidil sa Tuarascáil Scóipe RTT na ceisteanna féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás na rogha scéime agus tá cur síos déanta chomh maith ar an gcaoi a ndéanfar aon tionchair a mheas.

Tá sé i gceist againn anois comhairliúchán poiblí neamhreachtúil **14 seachtaine** a reáchtáil ar an dá tuarascáil seo agus aighneachtaí a lorg ón bpobal i gcoitinne agus ó phríomhpháirtithe leasmhara maidir leo.

Fíor 1: Scéimléaráid den Astarraingt Bheartaithe ag Abhantrach an Pháirtín





Fíor 2: Léargas ginearálta ar an Soláthar Uisce

An Rogha Scéime

Bheadh i gceist leis an Rogha Scéime méid suntasach uisce a astarraingt ó chladach thoir Abhantrach an Pháirtín i gCo. Thiobraid Árann agus é a chóireáil i gCnocán an Éin Fhinn. Thabharfaí an t-uisce arna chóireáil trí phíopa ansin chuig taiscumar pointe deiridh i Mullach na Pise, Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Chuirfí uisce ar fáil do phobail atá lonnaithe sa Lár Tíre le taobh an bhealaigh ó Abhantrach an Pháirtín go dtí Baile Átha Cliath.

Is ar an gcaoi sin a gcuirfí soláthar uisce inbhuanaithe a bhféadfaí brath air ar fáil do thomhaltóirí tí, tráchtála agus tionsclaíocha atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo le taobh bhealach beartaithe 170 ciliméadar na píblíne.

Chomhlíonfadh an t-uisce a dhéanfaí a astarraingt ó Abhantrach an Pháirtín an gnáthraon leibhéil uisce a oibríonn BSL i Loch Dearg. Ní bheadh aon fheidhm ar na riachtanais reachtúla ó thaobh sreabhadh de a éilíonn BSL ar an tSionainn ach an oiread.

Tá sainaithint déanta sa TBRD ar an rogha conaire 200m le haghaidh na píblíne, chomh maith le conair tháscach 50m le haghaidh na píblíne, ina bhféadfaí na srianta timpeallachta, teicniúla agus geografacha uile a shásamh.

Cén chaoi a ndéanfar sainaithint ar an Rogha Scéime?

Tar éis trí chomhairliúchán pobail a reáchtáil agus measúnachtaí teicniúla agus timpeallachta a dhéanamh le dhá bhliain anuas, sainaithníodh an rogha scéime mar an rogha is oiriúnaí agus is tairbhí as na deich rogha a bhí ann ar an gcéad dul síos, agus as na ceithre rogha a sainaithníodh go raibh inmharthana ar bhonn teicniúil ina dhiaidh sin.

Ba iad na roghanna eile a bhí á gcur faoi chaibidil ná dhá rogha a bheadh bunaithe in Oirthuaisceart Loch Dearg, mar aon le rogha dhíshalannaithe a bheadh lonnaithe ar an gCósta Thoir. Rinneadh na roghanna uile a mheas de réir roinnt critéar Timpeallachta, Geilleagrach, Socheacnamaíoch agus Teicniúil agus roghnaíodh an scéim tar éis an anailís mhionsonraithe sin a dhéanamh. Chuir na tuarascálacha luatha in iúl go bhféadfadh sé go ndéanfadh an scéim astarraingthe ó Oirthuaisceart Loch Dearg dochar do chóras na Sionainne ó thaobh comhshaoil de agus cuireadh i leataobh í dá bhrí sin.

Cén fáth arb í seo an Rogha Scéime í?

Cé go mbeadh an díshalannú inmharthana ar bhonn teicniúil, bheadh sé i bhfad níos costasaí ná Scéim Abhantrach an Pháirtín, a bhféadfaidh ceantar níos leithne tairbhe a bhaint aisti de réir an Phlean Straitéisigh Seirbhísí Uisce 25 bliain atá ag Uisce Éireann. Bheadh an díshalannú dírithe ar Bhaile Átha Cliath chomh maith, agus ní rachadh i ngleic leis na fadhbanna atá ann le soláthair uisce bheaga, leochaileacha sa Lár Tíre, rud atá ina chuspóir den Phlean Straitéiseach. Bhí an chuma ar an scéal freisin go gcuirfeadh an díshalannú isteach ar an gcomhshaol i bhfad níos mó de bharr go n-úsáidfí ceimiceáin agus roinnt mhaith fuinnimh.

Ar na cúiseanna sin, sainaithníodh gurb í astarraingt uisce ón tSionainn ag Abhantrach an Pháirtín (an Loch Íochtarach) an rogha is fearr a chomhlíonfadh cuspóirí an Phlean Straitéisigh de bharr:

- Is lú an tionchar a imreodh sí ar an gcomhshaol ná aon rogha eile a bhain leis an tSionainn. Is é an suíomh is giorra d'inbhear na habhann é, áit a bhfuil an t-uisce ar fad tar éis dul tríd an tSionainn chuig an bPáirtín cheana féin.
- D'fhéadadh an phíblíne ón bPáirtín uisce cóireáilte a thabhairt chuig i bhfad níos mó suíomhanna, bailte agus pobail atá lonnaithe le taobh an bhealaigh ón tSionainn chuig Baile Átha Cliath ná aon rogha eile.
- Tá Abhantrach an Pháirtín an-rialaithe cheana féin de bharr go bhfuil stáisiún cumhachta hidrileictrí ann agus cúiteoidh laghdú ar an uisce a úsáidtear le cumhacht a ghiniúint aon uisce a astarraingítear le haghaidh an tsoláthair. Is é fírinne an scéil nach mbeadh i gceist leis an astarraingt uisce atá beartaithe ach, go bunúsach, uisce a astarraingt ón scéim hidrileictreach. Úsáidtear an astarraingt uisce ó scéimeanna cumhachta hidrileictrí go forleathan ar fud an domhain le hinfhaighteacht an uisce óil a chumasú ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Céard í an Tuarascáil Scóipe ar an RTT?

Déantar sa Tuarascáil Scóipe ar an RTT cur síos ar aon tionchair timpeallachta a d'fhéadfadh a bheith ag an scéim agus cén chaoi a ndéanfar na tionchair sin a mheas sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) deiridh.

Cuirfear i láthair sa RTT torthaí na n-imscrúduithe timpeallachta agus aiseolas ó na comhairliúcháin a leanann ar aghaidh, agus rachaidh sé i bhfeidhm ar fhorbairt na scéime deiridh sa chaoi a ndéanfar sainaithint agus measúnú ar aon tionchair fhéideartha agus ar bhearta maolaithe cuí a bheidh le cur faoi chaibidil.
Cuirfear an RTT faoi bhráid an Bhoird Pleanála in éineacht le hiarratas Uisce Éireann ar chead pleanála.

I dtreo an chinnidh deiridh - An chéad chéim eile

Seo an ceathrú comhairliúchán pobail neamhreachtúil ar an tionscadal seo. Cuirfidh an t-aiseolas a gheofar ón tréimhse chomhairliúcháin seo, mar aon le tuilleadh staidéar teicniúil agus timpeallachta agus teagmháil le húinéirí talún agus leis an bpobal i gcoitinne, bonn eolais faoi roghnú na scéime deiridh. Tabharfar mionsonraí ar an méid sin sa RTT, a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála in éineacht le hiarratas Uisce Éireann ar chead pleanála.

Eagrófar roinnt oícheanta d'úinéirí talún agus ocht lá oscailte don phobal in áiteanna éagsúla atá gar do bhealach beartaithe na píblíne, áit a mbeidh baill d'fhoireann an tionscadail ar fáil le haon cheisteanna a fhreagairt.

Tar éis don phróiseas comhairliúcháin a theacht chun críche go luath in 2017, déanfaidh Uisce Éireann teagmháil dhíreach leis na húinéirí talún siúd a gcuirfidh bealach beartaithe na píblíne isteach orthu.

Braithfidh an cead pleanála ar thréimhse comhairliúcháin reachtúil a thabharfaidh deis do bhaill den phobal a dtuairimí a nochtadh. Déanfaidh an Bord Pleanála cinneadh ina dhiaidh sin cibé acu a thabharfar an cead nó nach dtabharfar.

Má thugtar cead pleanála don tionscadal, tógfaidh na próisis tógála agus coimisiúnaithe thart ar thrí nó ceithre bliana. Ní bheadh an tógáil ar siúl ach taobh istigh de chonair na píblíne i bhformhór na gcásanna agus thógadh sé thart ar 18 mí leis an obair a chur i gcrích in aon ghabháltas. Cuirfear an talamh ar ais mar a bhí taobh istigh den tréimhse sin freisin. Chuirfí an soláthar uisce nua ar fáil le taobh bhealach na píblíne ag deireadh na tréimhse 3 nó 4 bliana.

Tairbhe don Phobal

Cosúil le gach Tionscadail Infreastruchtúir Straitéisigh, éilítear ar an iarratasóir machnamh cuí a dhéanamh ar an tairbhe don phobal mar chuid den phróiseas pleanála. Chomh maith leis na soláthair uisce tí agus tráchtála feabhsaithe, gheobhaidh na pobail atá lonnaithe le taobh bhealach na píblíne roinnt buntáistí eile.

Dhéanfaí roinnt mhaith táirgí agus seirbhísí a fhoinsiú ó ghnóthais áitiúla le linn chéim thógála an tionscadail, rud a thabharfadh réimse deiseanna fostaíochta do dhaoine áitiúla.

Tá sé beartaithe ag Uisce Éireann, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus comhlachtaí ábhartha eile, tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do scéimeanna oiliúna d'fhonn oiread daoine agus is féidir a chur ag obair ar an tionscadal. Tá sé i gceist ag Uisce Éireann freisin tacú le tionscadail a chabhróidh cuspóirí caomhnaithe Limistéar na Sionainne Íochtaraí faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus cuspóirí na bPleananna Bainistíochta Abhantrach a chomhlíonadh agus tionscnaimh oideachais agus cosanta comhshaoil agus áiseanna spóirt agus fóillíochta a fhorbairt.

An tábhacht a bhaineann leis an gcomhairliúchán pobail

Tá rannpháirtíocht an phobail agus comhairliúchán leo ina gcuid thábhachtach den phróiseas déanta cinntí atá ag Uisce Éireann. Reáchtáladh comhairliúcháin ar roinnt fachtóirí tábhachtacha i dtaca leis an tionscadal seo roimhe seo agus rinneadh an t-aiseolas ábhartha a fuarthas a fhí ina chéile le forbairt gach céime den tionscadal ina dhiaidh sin.

Bhain na trí chomhairliúchán eile le:-

- An gá leis an tionscadal agus treochlár an tionscadail
- Na srianta ar chóir breathnú orthu agus an mhodheolaíocht a úsáideadh le sainaithint a dhéanamh ar an bplean is dealraithí a roghnófaí as na ceithre rogha eile a bhí inmharthana ar bhonn teicniúil.
- Na fachtóirí a cuireadh faoi chaibidil agus sainaithint á déanamh ar an bplean is dealraithí a roghnófaí

Cén chaoi ar féidir liomsa bheith páirteach?

Táimid ag reáchtáil comhairliúchán poiblí neamhreachtúil 14 seachtaine anois ar an Rogha Scéime i gcomhair soláthar uisce nua do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre (de réir mar atá leagtha amach sa TBRD agus sa Tuarascáil Scóipe ar an RTT) agus cuirimid fáilte roimh aighneachtaí ón bpobal i gcoitinne agus ó phríomhpháirtithe leasmhara. Cuirimid fáilte roimh do thuairimí ar:

- An ann d'aon eolas breise ba chóir a chur san áireamh i bhforbairt na Rogha Scéime?
- An ann d'aon saincheisteanna timpeallachta eile nó d'aon mhodheolaíochtaí malartacha ba chóir a chur san áireamh agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) á hullmhú?
- Cén chaoi ar mhaith leat go ndéanfadh Uisce Éireann cumarsáid leat de réir mar a rachaidh an tionscadal ar aghaidh i dtreo cead pleanála a fháil?

Cá seolfaidh mé m'Aighneacht?

Is féidir aighneachtaí a sheoladh isteach chugainn tríd an ríomhphost chuig watersupply@water.ie nó tríd an bpost chuig An Tionscadal Soláthair Uisce, Teach Mhuirfean, Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4.

Ní ghlacfar le haighneachtaí tar éis an 14 Feabhra 2017.



Cá háit ar féidir liom teacht ar a thuilleadh eolais?

Is féidir breathnú ar an TBRD agus ar an Tuarascáil Scóipe ar an RTT i Leabharlanna Contae agus ag cuntair phleanála Údarás Áitiúil ar fud an cheantair, í a íoslódáil ó **www.watersupplyproject.ie** nó teagmháil a dhéanamh linn ar **1890 252 848**

Fógrófar ar stáisiúin áitiúla raidió agus i nuachtáin áitiúla **Laethanta Oscailte don Phobal** a bheidh ar siúl i gceantar an staidéir. Tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin nó cuir glao orainn le tuilleadh eolais a fháil.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glao a chur ar 1890 252 848

Déan Teagmháil Linn

Má tá ceisteanna agat i dtaobh an tionscadail seo, nó más mian leat cóipeanna clóite a fháil d'aon cheann de na foilseacháin atá luaite sa nuachtlitir seo, nó más mian leat d'ainm a chur ar liosta poist le go gcoinneofar ar an eolas thú faoin tionscadal, téigh i dteagmháil linn leis na sonraí thíos.

An Tionscadal Soláthar Uisce,
Teach Mhuirfean,
Bóthar Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 4

Ó Phoblacht na hÉireann
Teileafón: 1890 252 848

Ó Thuaisceart Éireann
Teileafón: 084 524 65059

Tá leagan Béarla den nuachtlitir seo le fáil dá mba fhearr leat é sin. Téigh i dteagmháil linn agus cuirfimid cóip chugat. Mar mhalairt air sin, is féidir leat cóip a íoslódáil ón láithreán gréasáin ag www.watersupplyproject.ie nó cóip a iarraidh ach ríomhphost a chur chuig watersupply@water.ie

If you would like to receive a copy of this booklet in English, please contact us on the above number.